

Fáilte ar ais roimh Mhuintir Nis!



Beirt pháistí ag rang ealaíne i Nis.

I 1999 tháinig deich nduine fhichead as Nis ar Oileán Leodhais na hAlban ar cuairt chuig Conamara le linn Fhéile Phléaráca Chonamara. I Lúnasa 2000, d'eagraigh Pléaráca grúpa ceoltóirí agus damhseoirí le dul anonn chuig féile i Nis, Céilidh san IarThuath.

Bhí an-spraoi ag gach duine a chuaigh ar an turas seo agus déanadh cur síos maith air in iris Pléaráca 2000. Anois, tá muintir na hAlban ag teacht ar ais! Le tacaíocht ó Iomairt Cholmcille agus ar chuireadh ó choiste an Phléaráca tá deichniúr as Nis ag

teacht anall. Idir ceoltóirí, damhseoirí agus amhránaithe beidh siad linn i rith sheachtain na féile agus tá súil againn go mbainfidh said sásamh agus tairbhe as a gcuairt.

Tá Nis suite ar chósta thoir thuaidh Oileáin Leodhais, ar chósta thiar na hAlban. Is ón traidisiún Lochlannach a fuair Nis a ainm agus tá lorg chultúr na Lochlannach láidir go maith fós sa gceantar, é seo le feiceáil go háirithe i gcumas agus ábaltacht mhuintir na háite ar farraige. Tá cosúlacht láidir idir báid thraidisiúnta an cheantair agus na

cineálacha bád a bhíodh ag na Lochlannaigh fadó. Is ceantar gnóthach é atá ag brath go láidir fós ar fheirmeoireacht. Croft a thugtar ar na cineálacha feirmeacha a shaothraíonn siad.

Tá cáil ar Nis mar gheall ar an oilithreach bhlantúil a dhéantar chuig oileán Sula Sgeir, atá dhá scór míle i bhfarraige ó thuaidh de Phort Nis. Is chun an Guga, nó na gainéid óga a mharú a dhéantar an turas seo. Caitear suas le coicís á dhéanamh seo agus maraítear suas le 2000 éan. Tá an-tóir ar an Guga mar mhias blasta áitiúil. Nuair a tháinig muintir Nis anall i

1999, thug said an Guga leo agus réitigh said é ag oíche cheoil in Óstán na nOileán.

Fuair gach a bhí i láthair blaiseadh den éan. Tá an chuid is mó de phobal Nis fós ag maireachtáil faoin tuath ag feirmeoireacht, iad ag coinneáil beithíoch cé go bhfuil laghdú mór tagtha ar an gcuradóireacht. Baintear móin ann i gcónaí, ceird atá ar an oileán le cheithre mhíle bliain.

Tá lagtrá tagtha ar thionscal na hiascaireachta agus na fíodóireachta. Táthar ag brath go mór anois ar thurasóireacht agus déantar margaíocht láidir ar an nGaidhlig agus ar an nGaidhealtachd. Reachtáileann Taigh Dhonnchaidh, teach ealaíne agus ceoil a hosclaíodh go hoifigiúil le linn chuairt mhuintir Chonamara i 2000, Scoil Samhraidh gach bliain bunaithe ar an nGaidhlig agus an cultúr a bhaineann léi. Freastalaíonn cuairteoirí as Albain, Meiriceá agus fiú amháin chomh fada ó bhaile leis an Astráil ar an Scoil.

Bíonn an-tóir ag lucht dreapadóireachta agus freisin acu siúd a bhfuil suim acu sa nádúr teacht go Nis mar go bhfuil alltracha móra an chósta an-fheiliúnach don dá chaitheamh aimsire seo.

Tá an ceantar lán le hiarsmaí ó ré na réamhstaire - iad le feiceáil ar na machair agus ar an sliabh. Tá fothrach cillín manaigh i Luchruban. Tá Dún Eisdean, oileán beag timpeallaithe le halltracha suite ag an bpointe is faide ó thuaidh de Nis. Dún-áras nádúrtha é seo a gcúlódh na Morisons, chuige in aimsir chogaidh nuair a bhíodh an choimhlint ag dul ina n-aghaidh. Tá sé seachtú cúig le leathchéad slat agus é scartha ón bpríomhoileán ag caolas a dtagann an fharraige isteach ann ar thaoide ard.

Tá teampall ón 14ú aois fós á úsáid san áit a mbíodh an baile beag is faide ó thuaidh in Albain, Eoropie. Tá Clach na Truiseil suite i Ballantrushal, é 5.7 méadar ar airde, an t-aon chloch dá cineál fanta i dtuaisceart na hAlban. Is ann a deirtear a bhí an cath mór deiridh idir Clann Morison Nis agus Clann Mhac Aulay as Uig.

Tá Músaem bunaithe ag muintir Nis ag tabhairt eolais faoin stair seo uilig agus ag taispeáint iarsmaí agus oirnis ón saol a caitheadh. Tá iarracht mhór á déanamh traidisiún agus cultúr na Gaidhealtachda á choinneáil beo sa gceantar. Cuirtear béim mhór ar ranganna do dhaoine óga a chur ar fáil i Taigh Dhonnchaidh agus sna scoileanna áitiúla. Bíonn fuaim na bpopaí, an mhíleoidin agus go leor uirlis ceoil eile le cloisteáil i rith na bliana ar fad á mealladh siúd a bhfuil suim acu a bheith páirteach in imeachtaí éagsúla.

Tigh Mhórain

Carna 095-32570

Beár, Beatha, Ceol & Craic

Peter & Jane Fitzpatrick

EUROPUS

AN COMHLUCHT TEANGA

Comhairleoireacht Teanga

Aistriúcháin Fothidealú
Aistriúcháin Comhuaineach

EUROPUS TEO

1 Sr. na Mumhan
Baile Phib
Baile Átha Cliath 7

An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Teil: 01-830 4529
Faics: 01 830 6611

Teil: 091-595359
Faics: 091-595351

Ríomhphost (e-mail) europus@indigo.ie
<http://indigo.ie/europus/>

Stiúrthóir: Áine Ní Chonghaile

Abair ceart é - abair trí Europus é